Díol tnútha teisd ríoghurraidh

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 9]

Ruaidhrí Mhac Raith .cc.

1 Díol tnútha teisd ríoghurraidh,
teisd dárbh umhla Éirionnaigh;
crú Mogha ’na míneanguibh,
cora a clú ’na gcéimionnaibh.

2 Fiú a ndaightheisd a ndeithfrioghadh,
clú Laighion níor leathmholadh;
a ngnaoi in gach céim cuirfidhior,
ag cléir do bhaoi a breathnughadh.

3 Fuair an ealta armarsuidh
buaidh ndeabhtha ar a ndeaghloingsibh;
gnaoi don Ghabhail Raghnaill-sin
faghair draoi nár dhearbhshoillsigh.

4 An tAodh-so a n-iadh andúthaigh
tré raon gliadh dá ghlinnfhéchain,
a gclú ar láimh d’fhuil fhinnFhiachaidh
’s ar dháil a chruidh cinnéchuidh.

5 Ní léigfeadh Aodh d’aoinfhearuibh
a gcléith caoilshleagh cróirighin;
Ráth Dá Thí fá thaoibhfhinibh,
do budh tráth í d’fhóiridhin.

6 Céile arar chóir urmaisin,
’gá fhréimh tarla an teaghdhais-sin;
ní fhuair Aodh fhear n-imreasain
acht naomh fán teagh Teamhrai-sin.

7 Clú feadhma ar feadh n-iombualaidh
do-bhear meanma ar bhandáluibh;
tig scaoileadh giall galldúnaidh
a riar aoigheadh d’andáluibh.

8 Tug reic duan do dheighmheabhair
ag ceilt fhuath ar anmholadh;
sgaoilidh cneadh a cuibhrighibh
ré laoidhibh fhear n-adhmolaidh.

9 D’eachtra an ríogh ’s a ríoshlógha
líontar leabhair nuabhána;
an ealbha ó Ráth ríghÉnna,

áth an fheadhma a n-uarána.

10 Tug a bhú ar bhreith daoirfhileadh,
clú air an gach éinionadh;
raon tre choille gcaoilshligheadh,
Aodh do-roinne an réidhiughadh.

11 Laighnigh na lann mbrichtnimhe
do rann airghin antoile
scéla as-teagh lé teachtaire,
lé héra as eadh altoighe.

12 Téighe tré cheilg gcrannfhaobhar
re feidhm féine a n-iombualadh;
gearr go ngoire galldúnadh
fán gceann oile d’fhionnfhuaradh.

13 Ag díol deabhtha um iarnónaidh,
ag gníomh greagh a ngairbhshíonuibh,
sí dá ghoin tré ghormlúirigh,
an toil do bhí ag bainríoghuin.

14 Líon eachtra is ibh inshiobhail
ón tigh leabtha ar luighiobhair,
barr dearg ós crích comhaidhigh,
t’fhearg a gcrích do chuiriobhair.

15 Tug teacht ríogh fá roidheithfir
eacht ar síodh nách suidhighthir;
dod réir a n-iath anaithnidh
ré féil bhfiach ní fuirighthir.

16 Aodh gan fhuath in anóla
duas re haon ní fhuirégha;
móide réir dámh ndoiriara
a rádh féin go bhfuilénga.

17 Sgáth aca ré t’aindligheadh,
t’fhala ar chách dá cumhnughadh;
aga t’fhiach ré n-eiliughadh,
fada ós iath ’na urdhubhadh.

18 Tógtha, a Aodh, mar imdhighe,
fraoch ar ógbhaidh Almhuine;
do chruadh ar áth n-iorghoile
gá táth re gual gallbhaile.

19 Bíd ag cléir fá chomhroghain
géill críche ’na gcuibhrighibh;

ar dháimh iartha aindlighidh
a láibh cliachdha cuimhnighidh.

20 Mac Seaáin, teidhm tarbhfhásaigh (?),
gearr gur bheadhg le baidhbhfhísibh;
tug uille ar fheilm n-ilghrésuigh
re seinm buinne bhailbhísil.

21 Orra a nduas gan deighfheithimh,
luadh orra ní hanfhachain;
fiú an díol do chléir chomhaithigh
síodh do bhéin do Bhranachuibh.

22 D’fhios troda ar thaobh gallbhaile
Aodh ar fothan fiodhbhaidhe,
mionn scéith chorcra is caoilshlighe
ní féich obtha iorghoile.

23 Gur líonta ón ghleó a ngeimhleacha
ní díoltar leó Laighneacha;
an chliar as í as ingheabhtha
ós dí do iar ainbhreatha.

24 Moch fuair Aodh a n-andomhan (?)
a mbuar fá chlaon coimbileadh;
coill do dhol a nduilliobhar
níor choim do chrodh choillidheadh.

25 Bhur n-eacht riamh do roicheangladh
’na cheart a n-iath achadhghlan;
fuair sí síoth ar sochunnradh,
críoch is gan í d’athadhnadh.

26 Sreabha míne ar meirbhshiobhal,
feadha fíthe ar bhfalmhaghadh,
glúin fá fhiodh ag umhlughadh,
a chion ar úir d’anmhurar.

27 Tú samhuil d’Aodh Oirnidhe,
Laighin dá thaobh tiormuighe;
na tairthe, a Aodh, fholmhuighe (?)
gan aithne ar fhaon fhiodhbhaidhe.

28 Buidhne a-niar fá nuaimheirge,
fian do bhruidhne bélairde,
fir le dénaimh díbheirge,
libh d’fhéghain gach énairde.

29 Fuair cliar cosc a hoirbhire,

cóir triall re tocht mallmhuire,
foirne déd, a doinnbhleidhe,
roighne séd ar Sadhbhai-ne.

30 Bladh uirre tar inghionraidh,
ní bean oinigh oirbhearnuigh;
níor thúr béim don bhanLaighnigh
tnúdh ar chléir fá [a] coimhleanmhuin.

31 Tearc don dáimh nár dheighfhiosraigh,
ní an cách san chomharsain;
do-chuaidh don chrú Bhranuigh-sin
buaidh gclú tar a gcomharsain.

32 Braithfe, a Shadhbh, a n-iolmhaoine,
a bhairr mar bhláth ndeaghnuaidhe;
fríoth h'aithne a ttoigh tromdháimhe
tre ghoil ghairthe gealghruaidhe.